Department of Education
www.deni.gov.uk
AN ROINN Oideachais
MÄNNYSTRIE O Lear

INVESTOR IN PEOPLE

AISTRIÚ 2010

Ag Ullmhú Don Aistriú Ón Bhunscoil Go Dtí An Iarbhunscoil

Treoir Do Thuismitheoirí

RÉAMHRÁ

Is é seo an chéad bhileog de dhá bhileog atá an Roinn Oideachais ag cur ar fáil do thuismitheoirí a bhfuil páistí acu i Rang 7, le heolas a thabhairt ar na socruithe don aistriú ón bhunscoil go dtí an iarbhunscoil i mí Mheán Fómhair 2010 (próiseas ar a dtugtar **Aistriú 2010**).

Gheobhaidh sibh bileog eile ón Roinn i mí Nollag 2009. Beidh an bhileog seo ina cuidiú daoibh agus sibh ag roghnú iarbhunscoile agus ag líonadh isteach na foirme iarratais (ar a dtugtar an Fhoirm Aistrithe).

Le tuiscint níos soiléire a thabhairt daoibh ar na socruithe nua, leagtar amach sa bhileog seo clár ama a thaispeánann príomhchéimeanna phróiseas **Aistriú 2010**. Mínítear inti fosta dhá cheist ar gá bhur n-aird a dhíriú orthu ag an phointe seo den phróiseas, mar atá:

- An tábhacht a bhaineann le clárú bhur bpáiste le bhur mBord Oideachais agus Leabharlainne, ma tá sé/sí i dteideal Béilí Saora Scoile a fháil; agus
- Cé acu ar mhaith libh go gcuirfear bhur bpáiste isteach ar Theist Iontrála Scoile

Sa bhileog seo, baineann an téarma "iarbhunscoil" le scoileanna gramadaí agus scoileanna neamhghramadaí araon.

Tá leaganacha eile den bhileog seo ar fáil sa Bhéarla, sa Pholainnis, sa tSínis, sa Phortaingéilis agus sa Liotuáinis. Is féidir cóipeanna a fháil ó bhur mBord Oideachais agus Leabharlainne.

An Roinn Oideachais
Meán Fómhair 2009

AISTRIÚ 2010
IONTRÁLACHA IARBHUNSCOILE

Cad é mar a chuirfear iontrálacha iarbhunscoile i bhfeidhm?

Má fhaigheann scoil níos lú iarratas ná mar atá áiteanna inti, tabharfar áit do gach aon iarratasóir.

Má fhaigheann scoil níos mó iarratas ná mar atá áiteanna inti, caithfear na critéir iontrála a chur i bhfeidhm le socrú a dhéanamh ar na páistí a dtabharfar áit dóibh.

Foilsíonn scoileanna a gcritéir iontrála i Leabhráin ar an Aistriú. Gheobhaidh sibh

Leabhrán ar an Aistriú ó bhur mBord Oideachais agus Leabharlainne i mí Nollag 2009/Eanáir 2010.

1 Baineann gach tagairt sa doiciméad seo do na Boird Oideachais agus Leabharlainne leis an Údarás nua um Oideachas agus Scileanna (ESA) a bheas freagrach as feidhmeanna an chúig Bhord le héifeacht ó mhí Eanáir 2010.

PRÍOMHCHÉIMEANNA PHRÓISEAS AISTRIÚ 2010

Meán Fómhair 2009	■ Gheobhaidh sibh an chéad bhileog as dhá cheann ón Roinn Oideachais le cur in iúl daoibh gur gá bhur n-aird a dhíriú ar dhá cheist roimh thús phróiseas foirmiúil an aistrithe i mí Feabhra 2010.
Nollaig 2009	■ Gheobhaidh sibh bileog eile ón Roinn Oideachais. Tabharfar comhairle daoibh sa bhileog seo ar conas iarbhunscoil a roghnú agus foirm iarratais (ar a dtugtar an Fhoirm Aistrithe) a chomhlánú.
Nollaig 2009 agus Eanáir 2010	Gheobhaidh sibh Leabhrán ar an Aistriú ó bhur mBord Oideachais agus Leabharlainne. Beidh eolas ann ar gach ceann de na hiarbhunscoileanna i bhur gceantar, lena n-áireofar eolas ar: ■ líon na n-áiteanna atá ar fáil i ngach scoil acu; ■ na critéir iontrála a bheas in úsáid ag gach scoil acu le socrú a dhéanamh ar na páistí a dtabharfar áit dóibh, má fhaigheann an scoil níos mó iarratas ná mar atá áiteanna inti.
Eanáir 2010	■ Is féidir cóip de réameolaire aon iarbhunscoile a iarraidh orthu saor in aisce. Beidh níos mó eolais ar an scoil istigh ann. ■ Beidh sibh ábalta cuairt a thabhairt ar na scoileanna fosta nuair a bhíonn an Oíche Oscailte acu. Bíonn formhór na n-oícheanta seo á reáchtáil i mí Eanáir ach reáchtáiltear cuid acu níos luaithe ná sin. Is féidir teacht ar eolas faoi dhátaí agus uaireanta na n-oícheanta oscailte seo sna nuachtáin áitiúla, sna Leabhráin ar an Aistriú nó ó na scoileanna féin.
Feabhra 2010	■ Tabharfaidh príomhoide na bunscoile ar a bhfreastalaíonn bhur bpáiste cuireadh daoibh teacht chuig agallamh. ■ Iarrfar oraibh Foirm Aistrithe iarbhunscoile a chomhlánú. Iarrfar oraibh ar an fhoirm seo liosta a dhéanamh de na hiarbhunscoileanna (trí cheann ar a laghad), ar mhaith libh go bhfreastalóidh bhur bpáiste orthu agus iad a chur in ord tosaíochta. ■ Seo an bealach a chuirfidh tuismitheoirí isteach ar áit ina rogha iarbhunscoileanna (scoileanna gramadaí agus scoileanna neamhghramadaí araon). ■ Cuirfidh príomhoidí bunscoileanna Foirmeacha Aistrithe comhlánaithe chuig na Boird Oideachais agus Leabharlainne. Idir sin agus 28 Bealtaine 2010, déanfaidh na hiarbhunscoileanna atá liostaithe ar na Foirmeacha Aistrithe measúnú ar na hiarratais agus déanfaidh siad socrú ar na daltaí ar mhaith leo áit a thabhairt dóibh ■ Níl aon dearbhú ann go bhfaighidh dalta áit ina chéad rogha scoile, agus níl aon dearbhú ann go bhfaighidh dalta áit i gcineál áirithe scoile, mar shampla scoil ghramadaí, scoil imeasctha nó scoil aonghnéis srl.
28 Bealtaine 2010	■ Cuirfidh an Bord Oideachais agus Leabharlainne litir chugaibh le cur in iúl daoibh cén iarbhunscoil a bhfuil áit faighte ag bhur bpáiste inti. ■ Seo an bealach agus an uair a chuirfear gach tuismitheoir ar an eolas faoin áit atá faighte ag a bpáiste in iarbhunscoil (scoil ghramadaí agus scoil neamhghramadaí). ■ Muna bhfuil áit faighte ag bhur bpáiste i scoil ar bith atá liostaithe ar an Fhoirm Aistrithe, iarrfar ort scoileanna eile a ainmniú.
28 Bealtaine 2010 go dtí 9 Meitheamh 2010	■ Is é seo an tréimhse inar féidir achomharc in aghaidh aon chinnidh a dhéanamh. ■ Ní thacófar le hachomhairc ach amháin más féidir a thaispeáint nár tugadh áit do pháiste as siocair nár cuireadh na critéir iontrála i bhfeidhm i gceart.

AISTRIÚ 2010
AG CLÁRÚ BHUR BPÁISTE LE HAGHAIDH TEIDLÍOCHTA BÉILÍ SAORA SCOILE

1. Cad chuige a bhfuil baint ag Béilí Saora Scoile le haistriú mo pháiste ón bhunscoil go dtí an iarbhunscoil?

Molann an Roinn gur chóir do gach iarbhunscoil úsáid a bhaint as a gcritéir iontrála lena chinntiú go dtugtar áit do líon cothrom páistí atá i dteideal Béilí Saora Scoile a fháil.

Coinníonn na Boird Oideachais agus Leabharlainne clár de na páistí ina limistéir féin atá i dteideal Béilí Saora Scoile a fháil. **Caithfidh sibh iarratas a chur isteach chuig bhur mBord Oideachais agus Leabharlainne le bheith ar an chlár seo.**

- Má tá bhur bpáiste ar an chlár seo, beidh sé seo tábhachtach mar chuid dá (h)iarratas le háit a fháil in iarbhunscoil.
- Má tá bhur bpáiste ar an chlár seo, ní hionann sin is a rá go bhfaighidh bhur bpáiste áit ina rogha scoile, ach beidh sé ina chuidiú.
- Coinneofar aon eolas a bhaineann le clárú páiste faoi rún ag gach céim.
- D'fhéadfaí go mbeadh clárú bhur bpáiste ar cheann de na gnéithe a mbainfidh roinnt scoileanna úsáid astu le páistí a roghnú le háit a thabhairt dóibh.

2. An féidir mo pháiste a chlárú ar Chlár an Bhoird Oideachais agus Leabharlainne um Béilí Saora Scoile?

Ní ghlacfar ach le roinnt páistí ar an chlár seo. Is féidir bhur bpáiste a chlárú ar an chlár seo má fhaigheann sibh:

- Liúntas Tacaíochta Ioncaim; nó
- Liúntas do Lucht Cuardaigh Fostaíochta bunaithe ar Ioncam; nó
- Liúntas Fostaíochta agus Tacaíochta atá bainteach le hIoncam; nó
- An Creidmheas Cánach do Pháiste, agus muna bhfuil sibh i dteideal an Creidmheas Cánach Oibre a fháil mar go n-oibríonn sibh níos lú ná 16 uair in aghaidh na seachtaine; agus má tá ioncam inchánach iomlán de £16,040 nó níos lú sa bhliain agaibh; nó
- An ghné Ráthaíochta de Chreidmheas an Phinsin Stáit

Nó

- más páiste d'iarrthóir tearmainn atá ag fáil tacaíochta ón Home Office National Asylum Support Service (NASS) é/í bhur bpáiste.

- má tá bhur bpáiste i dteideal Béilí Saora Scoile a fháil faoi na cúiseanna daonchairdis nua a cuireadh in iúl do gach scoil ar 25 Meitheamh 2009. Ba chóir é seo a phlé leis an scoil ina bhfuil bhur bpáiste anois.

Is féidir go mbeidh páistí a bhfuil ráiteas ar riachtanas speisialta oideachais acu i dteideal Béilí Saora Scoile a fháil, ach tugtar áit in iarbhunscoil do na páistí seo bunaithe ar a bhfuil ina ráiteas.

3. Cad é mar is féidir páiste a chlárú?

Ní chláraítear páistí le bheith i dteideal Béilí Saora Scoile a fháil sa ghnáthchúrsa. Má shíleann tú go bhfuil bhur bpáiste i dteideal Béilí Saora Scoile a fháil, ba chóir foirm iarratais do Bhéilí Saora Scoile a iarraidh ó scoil bhur bpáiste. Nó is féidir teagmháil a dhéanmh le bhur mBord Oideachais agus Leabharlainne agus foirm iarratais a iarraidh uathu.

- Bord Oideachais agus Leabharlainne Bhéal Feirste (028) 9056 4000.

- Bord Oideachais agus Leabharlainne an Oirthuaiscirt (028) 2566 2571.

- Bord Oideachais agus Leabharlainne an Deiscirt (028) 3751 2200.

- Bord Oideachais agus Leabharlainne an Oirdheiscirt (028) 9056 6200.

- Bord Oideachais agus Leabharlainne an Iarthair (028) 8241 1496.

Comhlánaigh an fhoirm iarratais agus cuir chuig bhur mBord Oideachais agus Leabharlainne í. Cuirfidh siad freagairt chugat chomh luath agus is féidir.

Má shíleann tú go bhfuil bhur bpáiste i dteideal Béilí Saora Scoile a fháil mar go bhfaigheann sibh sochar, ach muna bhfuil tú cinnte cé acu ar chláraigh tú bhur bpáiste cheana féin, ba chóir é seo a sheiceáil le bhur mBord Oideachais agus Leabharlainne lena bheith cinnte de.

4. Cén uair a chaithfear páistí a chlárú ar an chlár?

Más rud é go bhfuil tú ag clárú bhur bpáiste le haghaidh Béilí Saora Scoile lena chuidiú le haistriú bhur bpáiste chuig an iarbhunscoil, ba chóir go mbeadh sé/sí ar chlár bhur mBord Oideachais agus Leabharlainne nuair a bheas sibh ag cur iarratais isteach chuig na hiarbhunscoileanna, i mí Feabhra 2010.

5. Má chláraím mo pháiste, an mbeidh air/uirthi Béilí Saora Scoile a fháil?

Ní bheidh. Is féidir bhur bpáiste a chlárú agus ní bheidh air/uirthi Béilí Saora Scoile a fháil.

AISTRIÚ 2010
TEISTEANNA IONTRÁLA

Ní bheidh aon Teist Aistrithe ann i mbliana. Tá roinnt scoileanna ag iarraidh Teisteanna neamhspleácha Iontrála a reáchtáil, áfach.

- Is teist í Teist Iontrála atá cosúil leis an Teist Aistrithe, an 11+.
- Is féidir le páistí sa bhliain dheiridh den bhunscoil Teisteanna Iontrála a dhéanamh, más mian leo.
- Bainfidh iarbhunscoileanna atá ag baint úsáide as critéir acadúla iontrála leas as torthaí na dteisteanna seo le socrú a dhéanamh ar na páistí a dtabharfar áit dóibh.

Is mian leis an Roinn Oideachais deireadh a chur le roghnú acadúil. Ní thugann an Roinn tacaíocht d'úsáid na dTeisteanna Iontrála.

Tuigeann an Roinn, áfach, go mbeidh roinnt tuismitheoirí ag iarraidh eolas a fháil ar na Teisteanna Iontrála. Níl an t-eolas seo ag an Roinn. Tá eolas ar na Teisteanna Iontrála ag na scoileanna a bheas ag baint úsáide astu. Is iad tuismitheoirí a bheas freagrach as an eolas seo a fháil ó na scoileanna. Agus seo a fhiosrú acu, b'fhéidir go mbeidh an t-eolas seo a leanas ina chuidiú.

1. An mbeidh ar mo pháiste Teist Iontrála a dhéanamh?

Ní bheidh. Bíonn rogha acu ar cé acu a dhéanfaidh said Teist Iontrála.

- Ní bheidh formhór na n-iarbhunscoileanna (scoileanna neamhghramadaí go ginearálta) ag baint úsáide as Teisteanna Iontrála. Mar sin de, má tá sibh ag iarraidh go n-aistreofar bhur bpáiste chuig ceann de na scoileanna seo, ní bheidh aon Teist Iontrála ann.
- Má tá sibh ag iarraidh go n-aistreofar bhur bpáiste chuig scoil a bheas ag baint úsáide as Teist Iontrála, is féidir le bhur bpáiste cur isteach ar áit i gceann de na scoileanna seo gan a dteist a dhéanamh. Ba chóir daoibh bheith ar an eolas, áfach, gur dócha nach n-éireoidh leis an iarratas.

2. Cad iad na scoileanna a bheas ag baint úsáide as Teisteanna Iontrála?

Má tá sibh ag iarraidh go n-aistreofar bhur bpáiste chuig:

- scoil ghramadaí; agus/nó
- ceann den cheithre scoil a bhfuil sruth aitheanta gramadaí acu – St Patrick's College, Machaire Rátha, Holy Cross College, An Srath Bán, Lagan College, Béal Feirste, Slemish College, An Baile Meánach.

ba chóir dul i dteagmháil leis na scoileanna seo **LÁITHREACH** lena fhiosrú cé acu a bheas siad ag baint úsáide as Teisteanna Iontrála. Beidh dátaí deiridh ag na scoileanna seo do na hiarratais lena dTeisteanna Iontrála a dhéanamh. D'fhéadfaí go mbeadh na dátaí deiridh seo ag druidim linn.

- Níl an Roinn eolach ar aon iarbhunscoil neamhghramadaí a bhfuil sé beartaithe acu úsáid a bhaint as Teisteanna Iontrála.

3. Cad é a tharlóidh má tá ráiteas ar riachtanas speisialta oideachais ag mo pháiste?

Má tá ráiteas ar riachtanas speisialta oideachais ag bhur bpáiste, ní gá dó/di Teist Iontrála a dhéanamh:

- Ní bheidh sé/sí san iomaíocht le háit iarbhunscoile a fháil.
- Déanfaidh bhur mBord Oideachais agus Leabharlainne plé libh maidir le háit chuí iarbhunscoile do bhur bpáiste mar chuid den athbhreithniú ar a ráiteas.

4. Ca háit ar féidir tuilleadh eolais ar Theisteanna Iontrála a fháil?

Ba chóir tuilleadh sonraí a iarraidh ó iarbhunscoil(eanna) ar bith atá ag baint úsáide as teist, a bhfuil sé ar intinn agaibh iarratas a chur chuici. B'fhéidir go dtabharfaidh na ceisteanna seo a leanas cuidiú daoibh:

- An féidir measúnú a dhéanamh ar mo pháiste le haghaidh iontrála chuig scoil atá ag baint úsáide as Teist Iontrála gan an teist a dhéanamh?
- Cad é an spriocdháta atá ann le hiarratas a chur isteach do mo pháiste leis an teist a dhéanamh?
- An mbeidh ar mo pháiste níos mó ná cineál amháin teiste a dhéanamh?
- Cá háit agus cá huair a dhéanfar na teisteanna agus conas a n-eagrófar iad?
- An mbeidh orm íoc as aon teist a dhéanfaidh mo pháiste?
- Cá mhéad páipéar a dhéanfar agus cá fhad a bheas na páipéir?
- Má tá disléicse ar mo pháiste, mar shampla, an gcuirfear é seo san áireamh?
- Cad iad na hábhair a bheas ar na páipéir?
- Cad é mar a mharcálfar na teisteanna?
- Cén cineál grád nó torthaí a eiseofar agus cén uair ?

- Cad é an úsáid a bhainfear as na torthaí?
- Cad é a tharlóidh má tá mo pháiste tinn ar lá na teiste nó má bhíonn fadhb éigin eile aige/aici ar lá na teiste? An mbeidh páipéar breise ann?
- Cad é a tharlóidh má bhíonn fadhb sláinte nó fadhb eile ag mo pháiste i rith na tréimhse ar fad ina mbeidh na páipéir á ndéanamh?
- Cad é a tharlóidh más rud é go bhfuilimid i ndiaidh bogadh go tuaisceart na hÉireann agus muna bhfuil cur amach ag mo pháiste ar churaclam na mbunscoileanna?